NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA NEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta

Go leor ar siúl an mhí seo.....

- *Féilte 2019*
- *Nuacht*
- *Imeachtaí*
- *Scéimeanna*
- *Deiseanna*

€63,850 ceadaithe do Scéim na bhFéilte 2019

Tá lúcháir ar Ealaín na Gaeltachta a fhógairt go bhfuil maoiniú dar luach €63,850.00 ceadaithe do 23 fhéile a bheidh á reáchtáil le linn 2019/2020 trí Scéim na bhFéilte Ealaíona 2019. Cheadaigh bord Ealaín na Gaeltachta an maoiniú ag cruinniú boird an mhí seo caite.

Cuireann Scéim na bhFéilte maoiniú ar fáil d'fhéilte Gaeltachta a bhfuil sé mar aidhm acu na healaíona Dúchasach agus Comhaimseartha sa Ghaeltacht a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach mar dhlúthchuid den fhéile.

Tugann an Scéim seo deis do choistí agus d'eagraíchtaí forbairt a dhéanamh ar fhéilte ealaíon Gaeltachta nó eilimintí d'fhéilte Gaeltachta á reáchtáil agus á gcur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge. Tugann na féilte ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta do na healaíona agus is mór an tionchar a bhíonn acu ar phobal na Gaeltachta agus Gaeilge agus ar an mórphobal i gcoitinne.

Is iad Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon a dhéanann comhaoiniú ar scéimeanna Ealaín (na Gaeltachta) Teo.

Nuacht/Imeachtaí

Ceiliúrfaidh Joan Clancy Gallery, i bpáirt le Teach ┐ Gairdíní Dhrom Eanaigh, naisc áitiúla an file cúirte John Betjeman

Déanfaidh Joan Clancy Gallery, Maoil a' Choirne, An Rinn, Gaeltacht na nDéise comóradh ar an bhfile cúirte John Betjeman le Dungarvan in The Rain, taispeántas grúpa a bheidh ar siúl ón 12- 22 Meitheamh 2019, ag comóradh 35 bliain a bháis.

B'aoibhinn le Betjeman an tír seo agus ba mhinic leis a bheith i nDún Garbhán agus in Iarthar Phort Láirge. Spreagfaidh naisc an fhile leis an gceantar seo na pictiúir nua a bheidh sa thaispeántas le Andrea Jameson, Blawnin Clancy, Sinead Ní Chionaola, Ivan Daly, Ciara Gormley, Rayleen Clancy agus daoine eile.
Thug Betjeman cuairt rialta ar an Teach Buí i gCeann Heilbhic, lóiste iascaireachta in aice le Gailearaí Clancy, a bhí faoi úinéireacht ag an am ag na Villiers-Stuarts ó Drom Eanaigh. Osclóidh Barbara Grubb an taispeántas i Joan Clancy Gallery ag 7.30pm Dé Céadaoin 12 Meitheamh.

R-Phost: info@joanclancygallery.com
Guthán: 086 8134597
www.joanclancygallery.com

Imeachtaí Forbairt Cleachtais d'Ealaíontóirí

Cur an dáta sa Dialann
Lá Náisiúnta Líonraithe
26ú Meán Fómhair 2019
Bí páirteach le Create agus comhpháirtithe Gailearaí Ealaíne Crawford (Corcaigh), Counterpoints Arts (Londain), Oifig Ealaíon Chathair Chorcaí agus Heart of Glass (St Helens) do Lá Náisiúnta Líonraithe 2019.
Thig áit a chur in áirithe anois ar shuíomh CREATE: www.creat-ireland.ie

Amharclann Ghaoth Dobhair

Ø Seoladh Dlúthdhiosca "Gracie"
Seoladh Dlúthdhiosca cuimhneachán Gracie Mhic Giolla Bhríghde @ 8 in. sa chaifé. 29/06/19. Déanfaidh Teaghlach Mhic Giolla Bhríghde an dlúthdhiosca "Cead Slán leis an Oileán" a sheoladh. (Sochair do charthanacht Eitiltí agus Seirbhísí Ailse Dhún na nGall) €15/dlúthdhiosca

Ø Ceardlanna Damhsa le Breandán de Gallaí
Beidh ceardlanna damhsa le Breandán de Gallaí ar siúl san Amharclann ón 13-15 Meitheamh. Beidh na ceardlanna seo ar siúl ón 10 r.n. - 5 i.n. Má tá tuilleadh eolais uait seol ríomhphost chugainn.

Ø Oíche Airneáil leis "An Crann Óg"
Beidh oíche airneáil leis "An Crann Óg" ar siúl san Amharclann ar an 26ú Meitheamh agus achan oíche Dé Ceadaoine i rith an tsamhraidh. 8 in., €3 cead isteach. Tuilleadh eolais faoi Scoil Cheoil na Crannóige:http://crannog.ie/2014/09/02/scoil-cheoil-na-crannoige/

Nuacht/Imeachtaí

Féile na Seanbheairice 13-16 Meitheamh 2019

Cuireann Féile Ealaíne & Cultúrtha na Seanbheairice béim ar na healaíon Gaeltachta agus ar na healaíona dúchasacha - amhránaíocht agus damhsa. Tá an fhéile ag dul i dtreise i gcaitheamh an ama le clár láidir a chuirtear i gcrích ar ardchaighdeán.

Éigse na Gréine 20-23 Meitheamh 2019

Beidh filí na tíre ag déanamh ar Uíbh Ráthaigh don dara leagan d'Éigse na Gréine. I measc imeachtaí an chláir dhá theangach, beidh ceardlann filíochta le Bhríd Ní Mhóráin, seoltaí leabhair le Ceaití Ní Bheildúin agus Cathal Ó Searcaigh, Steve Cooney mar cheoltóir cónaitheach, aoíanna ó Galicia agus imeacht trí-theangach ón Albain.
Gach eolas ó www.amerginpoetry.com

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne

02.07.19 - Nóta Stóta san Ionad Cultúrtha i mBaile Mhúirne.
Ceolchoirm le Conal Ó Gráda (fliúit, órgán béil), Des Dillon (puipéidí, orgán béil), Benny McCarthy (bosca, órgán béil)
www.ionadculturtha.ie

An Gailearaí - Gaoth Dobhair

Taispeántas féile 'Fís na Teanga'. Ceiliúradh ar leabhair liteartha Gaeilge an 20ú Aois a foilsíodh i gCloich Cheann Fhaola.

Chomha maith le sin tá suíomh úr forbartha ag An Gailearaí... www.angailearai.ie

Áras Inis Ghluaire, Béal an Mhuirthead

Gach eolas faoi imeachtaí Áras Inis Ghluaire le fáil anseo: www.arasinisgluaire.ie

Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

Scéim Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht 2019

Scéim í seo atá ag freagairt de Phlean Staitéiseach Ealaín (na Gaeltachta) Teo. 2018 -2022 agus ar na tosaíochtaí seo go sonrach:

- Cuidiú le pobal na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon.
- Tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú.
- Tacú leis an bhforbairt ar cheannasóirí agus ar chumasóirí chultúrtha.

Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

Sonraí uilig le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona - ealain@udaras.ie

Scéim Síol

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ar suim leo mionthionscadail nó tosaíochta ealaíon a fhorbairt. (m.sh, forbairt gairme agus oiliúint faoi leith, tacaíocht le seoladh dlúthdhiosca, réiteach taispeántais, trealamh, cothú imeachtaí beaga, féilte beaga ealaíona, srl). Spriocdháta leanúnach.
Tuilleadh eolais maidir leis na scéimeanna seo go léir, foirm iarratais, critéar srl. ar fáil ó na hÁisitheoirí Ealaíon réigiúnacha.Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

An Chomhairle Ealaíon

Scéim Spás Oibre na bhFísealaíontóirí 9 Meith
Dámhachtain Litríochta 13 Meith
Dámhachtain do Thionscadail sna nealaíon traidisiúnta 13-Lún

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.
www.artscouncil.ie

Painéal Teagascóirí Ealaín na Gaeltachta

Tá Ealaín (na Gaeltachta) Teo. ag cur painéal teagascóirí le chéile a mbeadh suim acu ranganna sna healaíona dúchasacha (ceol uirlise, damhsa, lúibíní agus agallamh beirte, amhránaíocht) a sholáthar trí mheán na Gaeilge, i nGaeltacht Chonamara agus Árann, idir Mí Meán Fómhair 2019 agus Mí Meithimh 2020.
Má tá suim agat a bheith ar an bpainéal seo, nó chun tuilleadh eolais agus foirm iarratas a fháil, déan teagmháil le Elaine Scahill, Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige.
Sonraí teagmhála: e.scahill@udaras.ie /091-503100
Spriocdháta le haghaidh iarratas: Dé Máirt, an 4 Meithimh ag 4 i.n. Bealtaine, 2019.



Deiseanna

Éigse Eireann

Coinnigh do shúil amach do deiseanna do scríbhneoirí ag an nasc thíos.
www.poetryireland.ie/writers/opportunities/

Glaoch Áras Inis Gluaire Clár Taispeántais 2020/21

Glacfar le hiarratais suas go Deireadh Fómhair 2019. Cuirtear fáilte roimh chuile réimse ealaíona. Cuirtear fáilte chomh maith roimh tograí aonarach nó ó ghrúpa agus tabharfar 3 lá leis an taispeántas a chrochadh.
Breis eolais .09781079 www.arasinisgluaire.ie

Aistriú – Coimisiún – Gaillimh 2020

Spriocdháta 30 Meitheamh 2019

Deis d'ealaíontóirí le Gaeilge ó aon seanra freagra cruthaitheach a dhéanamh ar téacsanna litríochta Gaeilge – stairiúla & comhaimseartha – a bhaineann leis an imirce.

Tréimhsí Cónaitheacha

Tréimhsí Cónaitheacha i Cill Rialaig ó Áras Scríbhneoirí na hÉirinn
Spriocdháta: Dé Máirt, 4 Meitheamh http://bit.ly/2MgojuP

Oifigí Forbartha á lorg ag Music Generation

Tá BOO(Bord Oideachais agus Oiliúna) Chiarraí, BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin, BOO Longfoirt agus na hIarmhí, BOO Lú agus na Mí agus BOO Thiobraid Árann ag tabhairt cuireadh d'iarratais ar phost mar Oifigeach Forbartha Music Generation
Ceapfaidh gach bord oideachais agus oiliúna Oifigeach Forbartha Music Generation a bheas freagrach as clár leathan oideachais ceoil a bhainistiú thar ceann na Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúil i ngach contae.
Conradh cúig bliana (€ 46,771 - € 57,157)
Spriocdháta: Déardaoin 6 Meitheamh
https://www.kerryetb.ie/music-generation-development-officer/

Eolas Fúinn

Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100

Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100

Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100

Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100

Elaine Schaill
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100